BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Séú Dlísheomra)

6 Márta 2025*

(Mainneachtain Stáit ina chuid oibleagáidí a chomhlíonadh – Airteagal 258 CFAE – Cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais – Treoir (AE) 2019/1937 – Airteagal 26(1) agus (3) – Mainneachtain maidir le trasuí agus le fógra a thabhairt faoi bhearta trasuite – Airteagal 260(3) CFAE – Iarratas go n-ordófar cnapshuim agus íocaíocht phionósach laethúil – Critéir maidir le méid na bpionós a dheimhniú – Cur i bhfeidhm uathoibríoch na comhéifeachta don tromchúis)

I gCás C-154/23,

IMEACHTAÍ mar gheall ar mhainneachtain in oibleagáid a chomhlíonadh faoi Airteagal 258 agus Airteagal 260(3) CFAE, a tionscnaíodh an 14 Márta 2023,

an Coimisiún Eorpach, dá ndéanann J. Baquero Cruz agus L. Maran ionadaíocht, i gcáil Gníomhairí,

iarratasóir,

v

Poblacht na hEastóine, dá ndéanann N. Grünberg agus M. Kriisa ionadaíocht, i gcáil Gníomhairí,

cosantóir,

tugann AN CHÚIRT (an Séú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: T. von Danwitz, Leas-Uachtarán na Cúirte, ag feidhmiú mar Uachtarán an Séú Dlísheomra, A. Kumin, agus I. Ziemele (Rapóirtéir), Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: N. Emiliou,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

* Teanga an cháis: an Eastóinis.

Breithiúnas

1 Lena chaingean, iarrann an Coimisiún Eorpach ar an gCúirt:

– a dhearbhú, ós rud é nár ghlac sí na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin go léir is gá chun a bheith i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/1937 [ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle] an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais [(IO 2019 L 305, lch. 17)], agus nár chuir sí na forálacha sin in iúl don Choimisiún, gur mhainnigh Poblacht na hEastóine na hoibleagáidí atá uirthi de bhua Airteagail 26(1) agus (3) den Treoir sin a chomhlíonadh;

– a ordú do Phoblacht na hEastóine cnapshuim a íoc leis an gCoimisiún de pé mhéid atá níos airde as an dá rogha seo a leanas:

  – méid laethúil de EUR 600 méadaithe faoi na laethanta atá imithe idir an lá i ndiaidh dhul in éag na tréimhse le haghaidh trasuí arna socrú i dTreoir 2019/1937 agus an lá a cuireadh deireadh leis an sárú, nó, mura gcuireadh deireadh leis, an lá a thugtar an breithiúnas sna himeachtaí seo;

  – cnapshuim d'íosmhéid EUR 168 000;

– i gcás gur lean an sárú arna cinneadh sa chéad fhleasc go dtí an dáta a thugtar an breithiúnas sna himeachtaí seo, a ordú don Eastóin íocaíocht phionósach thréimhsiúil de EUR 2 340 a íoc leis an gCoimisiún in aghaidh gach lá moille ó dháta an bhreithiúnais sin go dtí an dáta ar a gcomhlíonann Poblacht na hEastóine na hoibleagáidí atá uirthi de bhua [Treoir 2019/1937]; agus

– a ordú do Phoblacht na hEastóine na costais a íoc.

An dlí lena mbaineann

Treoir 2019/1937

2 Foráiltear le haithrisí 1 agus 4 de Threoir 2019/1937:

'(1) [...] [I]s minic a chuirtear sceithirí féideartha óna gcuid ábhar imní nó óna gcuid amhrais a thuairisciú mar gheall ar eagla roimh fhrithbheart. Sa chomhthéacs sin, aithnítear níos mó anois ar leibhéal an Aontais [Eorpaigh] agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon a thábhachtaí atá sé cosaint chothromaithe éifeachtach a chur ar fáil do sceithirí.

[...]

(4) Tá an chosaint a thugtar do sceithirí san Aontas faoi láthair ilroinnte thar Bhallstáit agus níl an chosaint á cur i bhfeidhm sa tslí chéanna sna réimsí beartais éagsúla. Maidir le hiarmhairtí na sáruithe ar dhlí an Aontais a thuairiscíonn sceithirí agus a mbaineann gné thrasteorann leo, léirítear go mbíonn tionchar diúltach ag cosaint neamhleor i mBallstát amháin ar fheidhmiú bheartais an Aontais ní hamháin sa Bhallstát áirithe sin, ach i mBallstáit eile freisin agus san Aontas ar an iomlán.'

3 De réir Airteagal 1 den Treoir sin:

‘Is é is cuspóir don Treoir seo forfheidhmiú dhlí agus bheartais an Aontais a fheabhsú i réimsí sonracha trí íoschaighdeáin choiteanna a leagan síos lena bhforáiltear d’ardleibhéal cosanta do dhaoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais.’

4 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 26 den Treoir sin:

‘1. Déanfaidh na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin 17 Nollaig 2021.

[...]

3. Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, beidh tagairt sna forálacha sin don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.’

Teachtaireacht 2023

5 Tugtar i míreanna 3 agus 4 i dTeachtaireacht ón gCoimisiún 2023/C 2/01 dar teideal ‘Smachtbhannaí airgeadais le linn imeachtaí um shárú’ (IO 2023 C 2, lch. 1; ‘Teachtaireacht 2023’) do ‘phionóis’ agus do ‘chnapshuim’ faoi seach.

6 Foráiltear le mír 3.2 de Theachtaireacht 2023 a bhaineann le cur chun feidhme comhéifeacht don tromchúis i gcomhthéacs íocaíocht phionósach laethúil mar seo a leanas:

‘Meastar i gcónaí gur sárú tromchúiseach é sárú a bhaineann [...] lena mhainneachtain fógra a thabhairt maidir le bearta lena dtrasuitear treoir arna glacadh faoi nós imeachta reachtach. Chun méid an phionóis a chur in oiriúint d’imthosca sonracha an cháis, cinneann an Coimisiún an chomhéifeacht thromchúiseach ar bhonn dhá pharaiméadar: tábhacht rialacha an Aontais a sáraíodh nó nár trasuíodh agus éifeachtaí an tsáraithe ar leasanna ginearálta agus ar leasanna áirithe.

[...]’

7 Leagtar síos le mír 3.2.2 den Teachtaireacht sin an méid seo a leanas:

‘I gcás caingne a thionscnaítear faoi Airteagal 260(3) CFAE, déanann an Coimisiún comhéifeacht 10 maidir le tromchúis a chur i bhfeidhm go córasach i gcás mainneachtana iomláine bearta trasuite a fhógairt. In Aontas atá bunaithe ar an urraim don smacht reachta, ní mór na treoracha reachtacha uile a mheas ar bhonn na tábhachta céanna agus ní mór do na Ballstáit iad a thrasuí ina n-iomláine laistigh de na teorainneacha ama atá leagtha síos acu.

I gcás mainneachtain pháirteach bearta trasuite a fhógairt, tá tábhacht na bearna trasuite le cur san áireamh nuair a bheidh an chomhéifeacht don tromchúis níos ísle ná 10 á socrú. Ina theannta sin, féadfar éifeachtaí an tsáraithe ar leasanna ginearálta agus ar leasanna ar leith a chur san áireamh [...]’

8 De réir mhír 3.3 den Teachtaireacht sin, dar teideal ‘Feidhm na comhéifeachta don fhad’:

‘[...]

Léirítear an chomhéifeacht don fhad mar iolraitheoir idir 1 agus 3. Ríomhtar é ag ráta 0,10 in aghaidh na míosa ó dháta an chéad bhreithiúnais nó ón lá tar éis an dáta a dtéann an treoir atá i gceist in éag.

[...]’

9 Leagtar amach i mír 3.4 den Teachtaireacht céanna dar teideal ‘Cumas an Bhallstáit íocaíocht a dhéanamh’ mar seo a leanas:

‘[...]

Beidh an leibhéal pionóis is gá chun fónamh mar dhíspreagadh éagsúil ag brath ar chumas na mBallstát íocaíocht a dhéanamh. Léirítear an éifeacht dhíspreagthach sin sa fhachtóir n. Sainítear é mar mheán ualaithe geoiméadrach d’olltáirgeacht intíre (OTI) [...] an Bhallstáit lena mbaineann i gcomparáid le meán-OTInna na mBallstát, ag a bhfuil meáchan de 2, agus de dhaonra an Bhallstáit lena mbaineann, i gcomparáid le meándaonra na mBallstát, ag a bhfuil meáchan de 1. Is ionann sin agus cumas an Bhallstáit íocaíocht a dhéanamh lena mbaineann i ndáil le cumas na mBallstát eile íocaíocht a dhéanamh:

$$\text{facteur n} = \left(\frac{\text{PIB}_\text{n}}{\text{PIB}_\text{moy}}\right)^{2/3} \text{x} \left(\frac{\text{Pop}_\text{n}}{\text{Pop}_\text{moy}}\right)^{1/3}$$

[...]

[C]hinn an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar a mhodh chun an fhachtóir n a ríomh, atá anois ag brath go príomha ar OTI na mBallstát agus go cúlráideach ar a ndaonra mar chritéar déimeagrafach lenar féidir diall réasúnach a choinneáil idir na Ballstáit éagsúla. Agus daonra na mBallstát á chur san áireamh le haghaidh an tríú cuid de ríomh an fhachtóra, laghdaíonn sé go dtí leibhéal réasúnta an t-athrú ar fhachtóirí n na mBallstát, i gcomparáid le ríomh atá bunaithe ar OTI na mBallstát, agus ar an méid sin amháin. Cuireann sé freisin gné den chobhsaíocht le ríomh an fachtóir n, ós rud é nach dócha go mbeidh an daonra éagsúil go suntasach ar bhonn bliantúil. I gcodarsnacht leis sin, d’fhéadfadh luaineachtaí bliantúla níos mó a bheith ag OTI Ballstáit, go háirithe i dtréimhsí géarchéime eacnamaíochta. Ag an am céanna, ós rud é gurb ionann OTI an Bhallstáit agus dhá thrian den ríomh i gcónaí, tá sé fós ina phríomhfhachtóir chun measúnú a dhéanamh ar chumas íocaíochta.

[...]’

10 Sonraítear le mír 4.2 de Theachtaireacht 2023 an modh ríofa don chnapshuim mar seo a leanas:

‘Ríomhtar an chnapshuim ar bhealach atá cosúil, a bheag nó a mhór, leis an modh chun an íocaíocht phionósach a ríomh, is é sin:

– méid cothromráta a iolrú faoi chomhéifeacht don tromchúis,

– an toradh a iolrú faoin bhfachtóir n,

– an toradh a iolrú faoi líon na laethanta a leantar den sárú […]

[...]'

11 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 4.2.1 den Treoir sin:

'Chun an chnapshuim a ríomh, tá an méid laethúil le hiolrú faoi líon na laethanta a leanann an sárú ar aghaidh. Sainmhínítear an méid seo a leanas mar a leanas:

[...]

– i gcás caingne a thionscnaítear faoi Airteagal 260(3) CFAE, is é sin líon na laethanta idir an lá tar éis dhul in éag an spriocdháta don trasuí a leagtar amach sa treoir atá i gceist agus an dáta a dtagann deireadh leis an sárú, nó, mura gcomhlíontar é, dáta seachadta an bhreithiúnais faoi Airteagal 260 CFAE.

[...]'

12 Foráiltear le hAirteagal 4.2.2 den Teachtaireacht sin:

'Chun an chnapshuim a ríomh, cuireann an Coimisiún an chomhéifeacht don tromchúis chéanna i bhfeidhm agus an fachtóir n seasta céanna agus a chuireann sé i bhfeidhm chun an íocaíocht phionósach a ríomh [...]

Tá méid an chothromráta don chnapshuim níos ísle ná d'íocaíochtaí pionósacha. [...]

Tá méid an chothromráta is infheidhme maidir leis an gcnapshuim leagtha amach i bpointe 2 den Iarscríbhinn I.

[...]'

13 Foráiltear le pointe 1 d'Iarscríbhinn I de Theachtaireacht 2023, dar teideal 'Sonraí a úsáidtear chun smachtbhannaí airgeadais arna moladh don Chúirt a chinneadh', go socraítear gurb ionann an méid cothromráta don íocaíocht phionósach a luaitear i mír 3 den Teachtaireacht sin agus EUR 3 000 in aghaidh an lae, le pointe 2 go socraítear méid an chothromráta don íocaíocht chnapshuime a luaitear i mír 4.2.2 den Teachtaireacht sin ag EUR 1 000 in aghaidh an lae, is é sin aon trian den chothromráta le haghaidh íocaíochtaí pionósacha, agus le pointe 3 go socraítear an fachtóir 'n' de Phoblacht na hEastóine ag 0,06. I bpointe 5 d'Iarscríbhinn I, soiléirítear go socraítear gurb ionann cnapshuim íosta do Phoblacht na hEastóine agus EUR 168 000.

An nós imeachta réamhdhlíthíochta agus an nós imeachta os comhair na Cúirte

14 An 27 Eanáir 2022, sheol an Coimisiún litir fógra fhoirmiúil chuig Poblacht na hEastóine inar líomhnaíodh nár thug sí fógra dó faoi na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun Treoir 2019/1937 a chomhlíonadh, ar forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin iad a ndeachaigh a tréimhse trasuite in éag an 17 Nollaig 2021. Ina freagra an 28 Márta 2022, chuir

Poblacht na hEastóine in iúl, agus na gearáin a rinneadh ina coinne á n-aithint aici, gur cuireadh an dréachtdlí lena dtrasuitear an Treoir sin faoi bhráid Pharlaimint na hEastóine lena bhreithniú agus go raibh an dlí trasuite le teacht i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2022.

15 In éagmais aon chumarsáid ina dhiaidh sin maidir le trasuí Threoir 2019/1937, sheol an Coimisiún tuairim réasúnaithe chuig Poblacht na hEastóine an 15 Iúil 2022 inar iarr sé uirthi a hoibleagáidí faoin Treoir sin a chomhlíonadh laistigh de 2 mhí ón tuairim sin a fháil.

16 Ina freagra ar an tuairim sin dar dáta an 13 Meán Fómhair 2022, luaigh Poblacht na hEastóine, nár cuireadh i gcoinne na mainneachtana líomhnaithe a hoibleagáidí a chomhlíonadh, staid na himeartha maidir leis an bpróiseas reachtach chun an dlí lena dtrasuitear Treoir 2019/1937 a ghlacadh.

17 De bhrí nár chomhlíon an Ballstát sin a oibleagáidí go fóill, chinn an Coimisiún, an 14 Márta 2023, an chaingean seo a thabhairt os comhair na Cúirte.

18 Le cinneadh ó Uachtarán na Cúirte an 4 Eanáir 2024, cuireadh bac ar na himeachtaí go dtí go dtabharfaí an breithiúnas atá le tabhairt i gCás C-147/23. Tar éis gur tugadh breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Treoir maidir le Sceithirí)* (C-147/23, EU:C:2024:346), cuireadh tús arís leis na himeachtaí sa chás seo le cinneadh ó Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an lá céanna.

An chaingean

An mhainneachtain faoi Airteagal 258 CFAE

Argóintí na bpáirtithe

19 Meabhraíonn an Coimisiún, faoin tríú mír d'Airteagal 288 CFAE, go gceanglaítear ar na Ballstáit na forálacha is gá a ghlacadh chun treoracha a thrasuí ina gcórais dlí náisiúnta, laistigh de na teorainneacha ama a leagtar síos sna treoracha sin, agus na forálacha sin a chur in iúl don Choimisiún láithreach.

20 Deir an institiúid sin nach mór an cheist ar tharla aon mhainneachtain na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh a chinneadh faoi threoir na staide atá i réim sa Bhallstát ag deireadh na tréimhse arna leagan síos sa tuairim réasúnaithe a chuir an Coimisiún chuici.

21 Sa chás seo, níor ghlac Poblacht na hEastóine na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun Treoir 2019/1937 a thrasuí ná níor chuir sí an Coimisiún ar an eolas faoina nglacadh roimh dhul in éag na tréimhse a leagtar síos sa tuairim réasúnaithe an 15 Iúil 2022.

22 Ina cosaint, aithníonn Poblacht na hEastóine an mhainneachtain líomhnaithe oibleagáidí a chomhlíonadh agus luann sí, mar gheall ar thoghcháin pharlaiminteacha an 5 Márta 2023, gur cuireadh an breithniú ar an dréachtdlí lena dtrasuitear Treoir 2019/1937 siar go dtí mí an Mheithimh 2023. Míníonn an Ballstát sin freisin go bhfuil forálacha áirithe sa reachtaíocht náisiúnta atá ann cheana lena gceadaítear, i réimsí sonracha, do chosaint do sceithirí, cé nach féidir na forálacha sin a aicmiú mar fhorálacha lena dtrasuitear an Treoir sin.

23 Ina fhreagra, cuireann an Coimisiún in iúl, de réir cásdlí socair, nach féidir le forálacha, cleachtais nó cásanna a thagann faoin dlíchóras náisiúnta údar a thabhairt leis an moill ar threoir a thrasuí.

Breithniú na Cúirte Breithiúnais

24 De réir Airteagal 26(1) de Threoir 2019/1937, bhí ar na Ballstáit, faoin 17 Nollaig 2021, na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá a thabhairt i bhfeidhm chun an Treoir sin a chomhlíonadh. Ina theannta sin, sonraítear le hAirteagal 26(3) den Treoir sin, nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha náisiúnta sin, beidh tagairt iontu don Treoir sin nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Anuas air sin, faoi Airteagal 26(3), ba faoi na Ballstáit a bhí sé téacs na bhforálacha náisiúnta sin a chur chuig an gCoimisiún.

25 I gcomhréir leis an gcásdlí socair, ní mór a thabhairt chun cuimhne chomh maith nach mór measúnú a dhéanamh ar mhainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh i bhfianaise na staide sa Bhallstáit ar éag don tréimhse arna leagan síos sa tuairim réasúnaithe agus nach bhfuil na hathruithe ar an scéal ina dhiaidh sin inchurtha san áireamh ag an gCúirt (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 28 agus an cásdlí dá dtagraítear).

26 Chinn an Chúirt arís agus arís eile, má leagtar síos go sainráite le treoir oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú go bhfuil tagairt don treoir sin sna forálacha is gá chun í a chur chun feidhme nó go bhfuil tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil, gur gá, in aon chás, do na Ballstáit beart sonrach a ghlacadh lena dtrasuitear an treoir atá i gceist (breithiúnas an 14 Márta 2024, *an Coimisiún* v *an Laitvia (an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach)*, C-454/22, EU:C:2024:235, mír 33 agus an cásdlí dá dtagraítear).

27 Sa chás seo, tar éis dó a chinneadh nár thug Poblacht na hEastóine na forálacha is gá chun Treoir 2019/1937 a thrasuí in iúl dó, sheol an Coimisiún tuairim réasúnaithe chuig an mBallstát sin an 15 Iúil 2022, inar iarradh air na hoibleagáidí dá dtagraítear sa tuairim sin a chomhlíonadh laistigh de 2 mhí tar éis dó an tuairim sin a fháil.

28 Mar is léir ón gcosaint agus ón athfhreagra a chuir Poblacht na hEastóine isteach sna himeachtaí seo, ar dhul in éag na tréimhse sin, níor ghlac an Ballstát sin na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun Treoir 2019/1937 a chomhlíonadh agus, dá bhrí sin, níor chuir sí na forálacha sin in iúl don Choimisiún ach oiread.

29 Dearbhaíonn Poblacht na hEastóine, nach gcuireann i gcoinne na mainneachtana líomhnaithe oibleagáidí a chomhlíonadh, go bhfuil an mhoill maidir le trasuí agus, dá bhrí sin, fógra a thabhairt faoi na bearta trasuite inchurtha, *inter alia*, inchurtha i leith olltoghcháin an 5 Márta 2023.

30 Maidir leis sin, ba cheart a mheabhrú, de réir chásdlí socair na Cúirte, nach bhféadfaidh Ballstát forálacha, cleachtais ná cásanna atá i réim ina dhlíchóras náisiúnta a phléadáil chun údar a thabhairt le mainneachtain oibleagáidí a eascraíonn as dlí an Aontais a chomhlíonadh, amhail mainneachtain treoir a thrasuí laistigh den tréimhse fhorordaithe (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 33 agus an cásdlí dá dtagraítear).

31 Ina theannta sin, mar is léir ó fhoclaíocht Airteagal 26(1) de Threoir 2019/1937, mheas reachtóir an Aontais gur leor tréimhse 2 bhliain chun a chur ar chumas na mBallstát a n-oibleagáidí a chomhlíonadh.

32 Mar thoradh air sin, ba cheart a dhearbhú, ós rud é nár ghlac sí na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin go léir is gá ar dháta dhul in éag na tréimhse a leagtar amach sa tuairim réasúnaithe an 15 Iúil 22 chun a bheith i gcomhréir le Treoir 2019/1937 agus nár chuir sí na forálacha sin in iúl don Choimisiún, gur mhainnigh Poblacht na hEastóine na hoibleagáidí atá uirthi de bhua Airteagail 26(1) agus (3) den Treoir sin a chomhlíonadh.

Infheidhmeacht Airteagal 260(3) CFAE

Argóintí na bpáirtithe

33 De bhrí gur lean an mhainneachtain oibleagáidí a líomhnaítear i gcoinne Phoblacht na hEastóine a chomhlíonadh ar aghaidh ar an dáta a thug an Coimisiún an chaingean seo os comhair na Cúirte, molann an Coimisiún, ar bhonn Airteagal 260(3) CFAE, gur cheart ordú a thabhairt don Bhallstát sin cnapshuim agus íocaíocht phionósach laethúil a íoc.

34 Chun méideanna na bpionós airgeadais sin a shocrú, braitheann an Coimisiún ar na prionsabail ghinearálta dá dtagraítear i mír 2 de Theachtaireacht 2023 agus ar an modh ríofa a leagtar amach i míreanna 3 agus 4 den Teachtaireacht sin. Go háirithe, cuireann an institiúid sin in iúl nach mór cinneadh na méideanna sin a bheith bunaithe ar na critéir bhunúsacha, eadhon tromchúis an tsáraithe, fad an tsáraithe agus an gá atá lena áirithiú go mbeidh éifeacht dhíspreagthach ag an bpionós chun sáruithe leantacha a chosc.

35 Sa chéad áit, a mhéid a bhaineann le tromchúis an tsáraithe, meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil an chomhéifeacht is infheidhme faoi Theachtaireacht 2023 idir 1 ar a laghad agus 20 ar a mhéad. Sonraíonn an institiúid sin, i gcomhréir le mír 3.2.2 den Teachtaireacht sin, go gcuireann sí comhéifeacht 10 don tromchúis i bhfeidhm go córasach i gcás nach gcomhlíontar go hiomlán an oibleagáid fógra a thabhairt faoi na forálacha lena gcumasaítear treoir a thrasuí, go bhfuil aon mhainneachtain treoir a thrasuí agus fógra a thabhairt faoi na forálacha sin chomh tromchúiseach céanna, beag beann ar chineál fhorálacha na treorach lena mbaineann.

36 Sa dara háit, a mhéid a bhaineann le fad an tsáraithe, sonraíonn an Coimisiún, faoi mhír 3.3 de Theachtaireacht 2023, go bhfuil an chomhéifeacht don fhad le cur in iúl mar iolraitheoir idir 1 agus 3 agus go ríomhtar í ag ráta 0,10 in aghaidh na míosa ón lá tar éis dhul in éag na tréimhse chun an treoir atá i gceist a thrasuí go dtí go gcinnfidh an Coimisiún an t-ábhar a thabhairt os comhair na Cúirte. Ós rud é gurb é 13 mhí fad na tréimhse sin, sa chás seo, is é 1,3 an chomhéifeacht don fhad atá le húsáid.

37 Sa tríú háit, maidir leis an gcritéar a bhaineann leis an ngá atá le héifeacht dhíspreagthach an phionóis a áirithiú i bhfianaise chumas íocaíochta an Bhallstáit lena mbaineann, deir an Coimisiún go gcuirtear an critéar sin in iúl leis an bhfachtóir ‘n’ a shocraítear do gach Ballstát i bpointe 3 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Teachtaireacht 2023. Braitheann a ríomh ar an gcóimheas idir OTI an Stáit lena mbaineann agus meán-OTI náisiúnta an Aontais arna iolrú faoin gcóimheas idir daonra an Stáit sin agus meándaonra náisiúnta an Aontais. Déanfar an chéad chóimheas a ualú ag dhá thrian agus déanfar an dara cóimheas a ualú ag aon trian. I gcomhréir le pointe 3, is é 0,06 fachtóir ‘n’ Phoblacht na hEastóine.

38 Mar thoradh air sin, ar an gcéad dul síos, a mhéid a bhaineann le méid na cnapshuime a ríomh, molann an Coimisiún, de bhun mhír 4.2 de Theachtaireacht 2023, comhéifeacht 10 don tromchúis a chur i bhfeidhm agus an fachtóir 'n' 0,06 a chur i bhfeidhm. Ba cheart fáltais an dá eilimint sin a iolrú faoin gcnapshuim a shocraítear i bpointe 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Teachtaireacht sin, eadhon EUR 1 000, a chomhfhreagraíonn do shuim EUR 600, atá le hiolrú faoi líon na laethanta a leanfar den sárú, i gcomhréir le mír 4.2.1 den Teachtaireacht sin. Tugann an Coimisiún dá aire nach mór an chnapshuim sin a fhorchur ar choinníoll gur mó í ná EUR 168 000, méid na cnapshuime íosta a shocraítear le haghaidh Phoblacht na hEastóine faoi phointe 5 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Teachtaireacht 2023.

39 Ar an dara dul síos, a mhéid a bhaineann le méid na híocaíochta pionósaí a shocrú, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún méid comhréidh an phionóis a shocraítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Teachtaireacht 2023, arb ionann é agus EUR 3 000 in aghaidh an lae, a iolrú faoi chomhéifeacht 10 don tromchúis, faoin gcomhéifeacht 1,3 don fhad agus faoin bhfachtóir 'n' 0,06. Is é an toradh atá air sin íocaíocht phionósach EUR 2 340 in aghaidh an lae.

40 Ar deireadh, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún a mheas gurb é an dáta a dtiocfaidh an oibleagáid íocaíochta i bhfeidhm dáta seachadta an bhreithiúnais atá le tabhairt sa chás seo.

41 Ina cosaint, deir Poblacht na hEastóine go dtéann na tograí ón gCoimisiún maidir le méideanna na bpionós airgeadais thar a bhfuil riachtanach chun a áirithiú go mbeidh na pionóis sin éifeachtach agus athchomhairleach.

42 Maidir le méid na cnapshuime, measann an Ballstát sin nach gcuirtear san áireamh sa tsuim arna moladh ag an gCoimisiún éifeachtaí iarbhír an tsáraithe ar leasanna poiblí agus príobháideacha.

43 Ar thaobh amháin, dá gcuirfí comhéifeacht 10 don tromchúis i bhfeidhm go córasach, ní bheadh an Coimisiún in ann an reachtaíocht atá ann cheana maidir le cosaint sceithirí a chur san áireamh. Dá bhrí sin, foráiltear le hAirteagal 3 den töölepingu seadus (an Dlí maidir le Conarthaí Fostaíochta) (RT I, an 7 Márta 2023) agus le hAirteagal 13 den avaliku teenistuse seadus (an Dlí maidir leis an Státseirbhís) (RT I, an 7 Márta 2023) don toirmeasc ginearálta ar fhrithbheart i gcoinne sceithirí, mar a cheanglaítear le hAirteagal 19 de Threoir 2019/1937. Ina theannta sin, áirithítear cosaint daoine a thuairiscíonn le hAirteagal 2(6) den korruptsioonivastane seadus (an Dlí um Chomhrac an Éillithe) (RT I, an 13 Aibreán 2021), le hAirteagail 49, 51, 52 agus 52^1 den rahapesu ja terrorismi tõkestamise seadus (an Dlí maidir le Sciúradh Airgid agus Sceimhlitheoireacht a Chomhrac) (RT I, an 10 Feabhra 2023), le hAirteagail 50^2 agus 50^3 den finantsinspektsiooni seadus (an Dlí maidir leis an Údarás Maoirseachta Airgeadais) (RT I, an 30 Samhain 2022) agus le hAirteagail 201^1, 201^2 agus 237^{49} den väärtpaberituru seadus (an Dlí maidir leis an Margadh Urrús) (RT I, an 17 Márta 2023). Ina theannta sin, tá bealaí tuairiscithe inmheánacha curtha i bhfeidhm ag roinnt údarás poiblí.

44 Ar an dara dul síos, meabhraíonn an Ballstát sin na hiarrachtaí iomadúla atá déanta aige chun Treoir 2019/1937 a thrasuí agus luann sé go raibh tréimhse scrúdaithe an dréachtdlí lena dtrasuitear an Treoir sin níos faide ná mar a bhí beartaithe ar dtús mar gheall ar thoghcháin pharlaiminteacha a reáchtáil an 5 Márta 2023.

45 Ar deireadh, áitíonn Poblacht na hEastóine, i bhfianaise líon an-íseal na gcásanna a bhaineann le mainneachtain treoir a thrasuí a shainigh i gcónaí í, nach dtugann cosc ar athdhéanamh iompair neamhdhleathaigh údar leis an méid a d'iarr an Coimisiún.

46 Dá bhrí sin, chun cuspóir an áitithe agus an díspreagtha a bhaint amach, ba leor comhéifeacht don tromchúis atá cothrom le 5 nó níos ísle ná sin a chur i bhfeidhm.

47 Ar na cúiseanna céanna, ba cheart méid na híocaíochta pionósaí a mhol an Coimisiún a laghdú freisin.

48 Ina fhreagra, luann an Coimisiún go bhfuil comhéifeacht 10 don tromchúis a mhol sé measartha agus go gcomhfhreagraíonn sé don leibhéal a leagtar amach i mír 3.2.2 de Theachtaireacht 2023.

49 Measann sé nach féidir forálacha éagsúla an dlí náisiúnta a luaigh Poblacht na hEastóine ina cosaint a chur san áireamh chun an chomhéifeacht sin a chinneadh, ós rud é nach bhfuil siad ábhartha chun staid thrasuí Threoir 2019/1937 sa dlí náisiúnta a chinneadh.

50 Níor cuireadh na forálacha náisiúnta sin in iúl don Choimisiún. Thairis sin, níl aon tagairt iontu don Treoir sin agus, dá bhrí sin, ní gníomh dearfach iad lena dtrasuitear í.

51 Agus an méid sin á dhéanamh, ní chomhlíontar leis na forálacha náisiúnta sin na ceanglais maidir le soiléireacht agus beachtas a cheanglaítear leis an gcásdlí chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú do thairbhithe na gceart a aithnítear le Treoir 2019/1937 agus chun a forálacha a chur i bhfeidhm ina n-iomláine.

52 Mar thoradh air sin, deimhníonn an Coimisiún méideanna na smachtbhannaí airgid a mhol sé ina iarratas.

53 Ina hathfhreagra, luann Poblacht na hEastóine, ar an gcéad dul síos, go léiríonn na forálacha náisiúnta dá ndearna sí tagairt ina cosaint go bhfuil éifeachtaí diúltacha na mainneachtana líomhnaithe oibleagáidí a chomhlíonadh ar leasanna poiblí agus príobháideacha le cur i bpeirspictíocht. Dá bhrí sin, ba cheart méideanna na smachtbhannaí airgid atá beartaithe a oiriúnú do na himthosca agus ba cheart iad a bheith i gcomhréir leis an sárú a rinneadh. Ar an dara dul síos, chun leibhéal áitithe agus díspreagtha na bpionós sin a chinneadh, ní mór imthosca sonracha gach cáis a chur san áireamh.

54 Maidir leis sin, ní féidir leis an gCoimisiún údar a thabhairt le cur i bhfeidhm uathoibríoch comhéifeacht don tromchúis mar gheall ar an ngá atá le cóir chomhionann a áirithiú idir na Ballstáit. Os a choinne sin, éilítear leis an bprionsabal sin measúnú difreáilte de réir ábhar reachtach gach treorach agus staid shonrach gach Ballstáit.

55 Sa chás seo, tá reachtaíocht earnála ag Poblacht na hEastóine cheana féin a chomhfhreagraíonn, go pointe áirithe, don chóras cosanta a fhorordaítear le Treoir 2019/1937. Tagraíonn an Ballstát sin, i ndáil leis sin, d'aithris 4 den Treoir sin, ar dá réir a fhéachann an Treoir leis na bearnaí a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar leibhéal cosanta ilroinnte agus míchothrom a líonadh.

56 Ina theannta sin, leis an líon teoranta sáruithe a rinne an Ballstát sin, tugtar údar le laghdú ar na méideanna sin, ós rud é go bhfuil riosca an tsáraithe a dhéantar arís agus arís eile teoranta.

57 Mar thoradh air sin, iarrann Poblacht na hEastóine, ar thaobh amháin, go gcinnfí méid na cnapshuime trí mhéid laethúil EUR 300 a iolrú faoi líon na laethanta idir an lá tar éis dhul in éag na tréimhse trasuímh agus an lá a chuirtear deireadh leis an mainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh nó, in éagmais tabhairt chun rialtachta, dáta seachadta an bhreithiúnais sa chás

seo. Ar an taobh eile, iarrann sí go socrófar méid na híocaíochta pionósaí ag EUR 1 170 in aghaidh an lae moille ó dháta tugtha an bhreithiúnais sa chás seo go dtí dáta thrasuí iomlán Threoir 2019/1937.

Breithniú na Cúirte Breithiúnais

– *Infheidhmeacht Airteagal 260(3) CFAE*

58 Foráiltear leis an gcéad fomhír d'Airteagal 260(3), nuair a thabharfaidh an Coimisiún cás os comhair na Cúirte de bhun Airteagal 258 CFAE ar an bhforas gur mhainnigh an Ballstát i dtrácht a oibleagáidí a chomhall maidir leis na forálacha ar gá leo a chur in iúl lena ndéantar treoir a glacadh i gcomhréir le nós imeachta reachtach a thrasuí, féadfaidh sé, nuair is iomchuí leis, méid na cnapshuime nó na híocaíochta pionósaí a shonrú a bheidh le híoc ag an mBallstát i dtrácht a mheasfaidh sé is iomchuí sna himthosca. De bhun an dara fomhír d'Airteagal 260(3) CFAE, má chinneann an Chúirt gur tharla sárú, féadfaidh sí cnapshuim nó íocaíocht phionósach nach mó ná an méid arna shonrú ag an gCoimisiún a fhorchur ar an mBallstát i dtrácht, agus éifeacht acu leis an oibleagáid íocaíochta ar an dáta arna shocrú ag an gCúirt ina breithiúnas.

59 Ós rud é, mar is léir ó mhír 32 den bhreithiúnas seo, go suitear, ar dhul in éag na tréimhse a leagtar síos i dtuairim réasúnaithe an 15 Iúil 2022, nár ghlac Poblacht na hEastóine ná, dá bhrí sin, nár chuir sí in iúl don Choimisiún na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun forálacha Threoir 2019/1937 a thrasuí ina dlí náisiúnta, tagann mainneachtain na n-oibleagáidí arna mbunú amhlaidh faoi raon feidhme Airteagal 260(3) CFAE.

60 Anuas air sin, ní mór a mheabhrú gurb é an cuspóir atá á shaothrú ag an sásra a leagtar amach in Airteagal 260(3) CFAE, ní hamháin na Ballstáit a spreagadh chun deireadh a chur, a luaithe is féidir, le mainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh a leanfadh, in éagmais foráil den sórt sin, de bheith ann, ach freisin an nós imeachta chun pionóis airgeadais a fhorchur a mhaolú agus a bhrostú i ndáil le mainneachtain an oibleagáid fógra a thabhairt faoi fhorálacha náisiúnta lena dtrasuitear treoir arna glacadh i gcomhréir leis an nós imeachta reachtach a chomhlíonadh (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 57 agus an cásdlí dá dtagraítear).

61 Chun an cuspóir sin a bhaint amach, déantar foráil in Airteagal 260(3) CFAE maidir le dhá chineál pionóis airgeadais a fhorchur, eadhon cnapshuim agus íocaíocht phionósach laethúil.

62 Cé gur cosúil go bhfuil cur i bhfeidhm íocaíochta pionósaí laethúla thar a bheith iomchuí chun Ballstát a spreagadh chun deireadh a chur le sárú a luaithe is féidir, tá an t-ordú chun cnapshuim a íoc bunaithe níos mó ar mheasúnú na hiarmhairtí maidir le mainneachtain na hoibleagáidí atá ar an mBallstát lena mbaineann a chomhlíonadh i ndáil leis na leasanna príobháideacha agus poiblí atá i gceist, go háirithe i gcás ina bhfuil an mhainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh fós ann ar feadh tréimhse fhada (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 59 agus an cásdlí dá dtagraítear).

63 I ndáil leis sin, tugann an Coimisiún cúiseanna le cineál agus méid na bpionós airgeadais atá á lorg, agus na treoirlínte atá glactha aige á gcur san áireamh, amhail na treoirlínte atá ina theachtaireachtaí, a rannchuidíonn, cé nach bhfuil siad ceangailteach ar an gCúirt, le

trédhearcacht, intuarthacht agus deimhneacht dhlíthiúil na gníomhaíochta arna déanamh ag an gCoimisiún a áirithiú (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 60 agus an cásdlí dá dtagraítear).

64 Sa chás seo, bhí an Coimisiún ag brath ar Theachtaireacht 2023 chun údar a thabhairt lena iarraidh go n-ordófaí do Phoblacht na hEastóine íocaíocht phionósach laethúil agus cnapshuim a íoc agus méideanna na bpionós sin a shocrú.

65 A mhéid a bhaineann lena iomchuí atá sé pionóis airgeadais den sórt sin a fhorchur, is faoin gCúirt atá sé, i ngach cás agus i bhfianaise imthosca an cháis atá os a comhair agus leibhéal an áitithe agus an díspreagtha is cosúil a cheanglaítear léi, na pionóis airgeadais iomchuí a leagan síos, go háirithe chun athdhéanamh sáruithe comhchosúla ar dhlí an Aontais a sheachaint (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 62 agus an cásdlí dá dtagraítear).

66 Ar an gcéad dul síos, maidir le cnapshuim a fhorchur, d'ainneoin gur choinnigh Poblacht na hEastóine seirbhísí an Choimisiúin ar an eolas faoi dhul chun cinn an nós imeachta chun forálacha Threoir 2019/1937 a thrasuí sa dlí náisiúnta, is táscaire iad na gnéithe dlíthiúla agus fíorasacha uile a bhaineann leis an sárú go gceanglaítear beart díspreagthach a ghlacadh amhail cnapshuim a fhorchur chun cosc éifeachtach a chur ar sháruithe comhchosúla ar dhlí an Aontais amach anseo. Go deimhin, níor ghlac Poblacht na hEastóine aon fhoráil lena bhféadfaí an Treoir sin a thrasuí ar dhul in éag na tréimhse a leagtar síos in Airteagal 26(1) de Threoir 2019/1937. Thairis sin, níor tugadh fógra don Choimisiún faoi aon cheann de na forálacha sin ar dhul in éag na tréimhse a leagtar síos sa tuairim réasúnaithe an 15 Iúil 2022, nó fiú ar dháta scrúdaithe na Cúirte ar na fíorais.

67 Ar an dara dul síos, maidir le híocaíocht phionósach a fhorchur, níl gá le pionós den sórt sin, i bprionsabal, ach amháin a mhéid a leantar den mhainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh atá ceaptha pionós a ghearradh ar an bpionós sin go dtí go scrúdóidh an Chúirt na fíorais, nach mór a mheas mar fhíorais a tharla ar an dáta a cuireadh clabhsúr leis na himeachtaí. Ba cheart a chur in iúl, i gcás, mar atá sa chás seo, nár tionóladh aon éisteacht, gurb é an dáta atá le cur san áireamh ina leith sin an dáta a dhúntar an chuid i scríbhinn den nós imeachta (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Treoir maidir le Sceithirí)*, C 147/23, EU:C:2024:346, mír 64).

68 Dá bhrí sin, chun a chinneadh an bhféadfaí, sa chás seo, íocaíocht phionósach a fhorchur a bheartú, is gá scrúdú a dhéanamh ar mhair an mhainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh a leagtar síos i mír 32 den bhreithiúnas seo go dtí dáta deiridh an nós imeachta i scríbhinn, a bhí ar siúl an 14 Lúnasa 2023.

69 Sa chás seo, ní chonspóidtear nár ghlac Poblacht na hEastóine, ar an dáta sin, na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun Treoir 2019/1937 a thrasuí ina dlí náisiúnta ná, dá bhrí sin, nár chuir sí in iúl iad. Dá bhrí sin, ní mór a mheas gur lean an Ballstát sin dá mhainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh go dtí gur scrúdaigh an Chúirt na fíorais.

70 Sna himthosca sin, is modh airgeadais iomchuí é ordú a thabhairt do Phoblacht na hEastóine íocaíocht phionósach laethúil a íoc, arna iarraidh sin don Choimisiún, chun a áirithiú go gcuirfidh an Ballstát sin deireadh, a luaithe is féidir, leis an sárú a suíodh agus go gcomhlíonfaidh sí a hoibleagáidí faoi Threoir 2019/1937. Mar sin féin, ós rud é nach féidir a chur as an áireamh, ar dháta tugtha an bhreithiúnais sa chás seo, go bhfuil trasuí na Treorach sin curtha i gcrích ina

iomláine, ní iomchuí íocaíocht phionósach a fhorchur ach amháin a mhéid a leanann an mhainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh ar dháta an tseachadta sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 66).

– *Méid an phionóis airgeadais*

71 Maidir le ríomh mhéid na bpionós a éilíonn an Coimisiún, ba cheart a mheabhrú, faoi Airteagal 260(3) CFAE, nach bhfuil dlínse ach ag an gCúirt Bhreithiúnais pionós airgeadais a fhorchur ar Bhallstát. Mar sin féin, in imeachtaí arna dtionscnamh ar bhonn na forála sin, níl ach lánrogha theoranta ag an gCúirt, ós rud é, i gcás ina gcinneann sí gur mhainnigh an Coimisiún a oibleagáidí a chomhlíonadh, go bhfuil na tograí ón gCoimisiún ina gceangal ar an gCúirt maidir le cineál an phionóis airgeadais a fhéadfaidh sí a fhorchur agus maidir le huasmhéid an phionóis a fhéadfaidh sí a fhorchur (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 67 agus an cásdlí dá dtagraítear).

72 I bhfeidhmiú a lánrogha féin maidir leis an ábhar mar a leagtar amach sna tograí ón gCoimisiún, is faoin gCúirt atá sé méid na bpionós airgeadais arna bhforchur ar Bhallstát faoi Airteagal 260(3) CFAE a chinneadh ar bhealach atá iomchuí, ar thaobh amháin, do na himthosca agus, ar an taobh eile, comhréireach leis an sárú a rinneadh. I measc na dtosca atá ábhartha i ndáil leis sin, tá tosca amhail tromchúis na mainneachtana oibleagáidí seanbhunaithe a chomhlíonadh, an tréimhse ar lena linn a mhair sí agus cumas íocaíochta an Bhallstáit atá i gceist (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 68 agus an cásdlí dá dtagraítear).

73 Ba cheart a mheabhrú freisin, agus an lánrogha sin á feidhmiú, nach bhfuil treoirlínte, amhail teachtaireachtaí an Choimisiúin, ina gceangal ar an gCúirt, ach go rannchuidíonn siad le trédhearcacht, intuarthacht agus deimhneacht dhlíthiúil na gníomhaíochta a dhéanann an Coimisiún féin a áirithiú nuair a chuireann an institiúid sin tograí faoi bhráid na Cúirte (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 69 agus an cásdlí dá dtagraítear).

74 Sa chás seo, bhí an Coimisiún ag brath ar Theachtaireacht 2023 chun méid na bpionós airgeadais is gá a shocrú.

75 Sa chéad áit, maidir le tromchúis an tsáraithe a aimsíodh, is léir ó mhír 3.2 de Theachtaireacht 2023 go meastar i gcónaí gur tromchúiseach an ní é, dar leis an gCoimisiún, fógra a thabhairt faoi na forálacha lena dtrasuitear treoir arna glacadh i gcomhthéacs nós imeachta reachtaigh. Dá bhrí sin, tá comhéifeacht 10 don tromchúis curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún.

76 Déanann Poblacht na hEastóine agóid i gcoinne leibhéal na comhéifeachta sin agus i gcoinne chur i bhfeidhm uathoibríoch na comhéifeachta sin sa chás seo.

77 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú gur oibleagáidí bunriachtanacha de chuid na mBallstát iad an oibleagáid forálacha a ghlacadh chun trasuí iomlán treorach a áirithiú agus an oibleagáid fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na forálacha sin d'fhonn éifeachtacht iomlán dhlí an Aontais a áirithiú, agus nach mór, dá bhrí sin, a mheas go bhfuil tromchúis áirithe ag baint le mainneachtain na n-oibleagáidí sin a chomhlíonadh (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 72 agus an cásdlí dá dtagraítear).

78 Sa chás seo, ní mór a chur in iúl gur ionstraim ríthábhachtach de dhlí an Aontais í Treoir 2019/1937 a mhéid a bhunaítear léi, de bhun Airteagal 1 di, arna léamh i gcomhar le haithris 1 di, íoschaighdeáin choiteanna lena n-áirithítear ardleibhéal cosanta cothroime agus éifeachtaí do dhaoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais i réimsí inar dócha go mbeidh éifeacht dhíobhálach ar leith ag sáruithe den sórt sin ar leas an phobail. Go deimhin, trí chóras a bhunú chun cosaint a thabhairt do dhaoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais i gcomhthéacs oibre, rannchuidíonn an Treoir sin le díobháil do leas an phobail a chosc, go háirithe i réimsí íogaire, amhail soláthar poiblí, sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, cosaint an chomhshaoil nó leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, leagtar síos le forálacha na Treorach sin oibleagáid ar eintitis san earnáil poiblí agus san earnáil príobháideach araon bealaí tuairiscithe inmheánacha agus nósanna imeachta maidir le tuairiscí a fháil agus bearta leantacha a dhéanamh ina leith a chur ar bun, agus cearta na ndaoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais agus na coinníollacha faoina bhféadfaidís tairbhe a bhaint as an gcosaint dá bhforáiltear á ráthú ag an am céanna (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 73).

79 Is gá go mbainfeadh mainneachtain forálacha Threoir 2019/1937 a thrasuí laistigh den tréimhse fhorordaithe an bonn de dhlí an Aontais agus dá chur i bhfeidhm aonfhoirmeach agus éifeachtach, ós rud é go bhféadfadh sé nach mbeadh sáruithe ar an dlí sin faoi réir tuarascála mura dtairbhíonn daoine atá ar an eolas faoi sháruithe den sórt sin de chosaint ar fhrithbheart féideartha (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 74).

80 Ós amhlaidh atá, ní mór méid na bpionós airgeadais arna bhforchur ar Bhallstát de bhun Airteagal 260(3) CFAE a bheith iomchuí do na himthosca agus comhréireach leis an sárú a rinneadh (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 75), mar a cuireadh in iúl i mír 72 den bhreithiúnas seo.

81 Ar an gcúis sin, chinn an Chúirt go gcuireann cur i bhfeidhm uathoibríoch na comhéifeachta tromchúise céanna i ngach cás nár trasuíodh treoir go hiomlán agus, dá bhrí sin, i gcás nár tugadh fógra faoi na bearta lena dtrasuitear an treoir sin, bac ar mhéid na bpionós airgeadais a choigeartú do na himthosca a bhaineann leis an sárú agus ar phionóis chomhréireacha a fhorchur (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 76).

82 I ndáil leis sin, chuir an Chúirt in iúl, trí ghlacadh leis nach mór a mheas go bhfuil an tromchúis chéanna ag baint leis an sárú ar an oibleagáid fógra a thabhairt faoi bhearta lena dtrasuitear treoir, beag beann ar an treoir lena mbaineann, nach bhfuil an Coimisiún in ann na pionóis airgeadais a choigeartú i bhfianaise na n-iarmhairtí ar leasanna príobháideacha agus poiblí a eascraíonn as mainneachtain an oibleagáid sin a chomhlíonadh, dá bhforáiltear i mír 3.2.2 de Theachtaireacht 2023 (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 77).

83 Sa chás seo, d'áitigh Poblacht na hEastóine, ina cosaint, go bhfuil forálacha áirithe ina reachtaíocht cheana féin, a leagtar amach i mír 43 den bhreithiúnas seo, chun daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dlí an Aontais a chosaint, lena gcomhlíontar ceanglais Threoir 2019/1937.

84 Dá bhrí sin, foráiltear le hAirteagal 3 den Dlí maidir le conarthaí fostaíochta agus le hAirteagal 13 den Dlí maidir leis an Státseirbhís don toirmeasc ginearálta ar fhrithbheart i gcoinne sceithirí, mar a cheanglaítear le hAirteagal 19 de Threoir 2019/1937. Ina theannta sin, áirithítear cosaint daoine

tuairiscithe le hAirteagal 2(6) den Dlí um chomhrac an éillithe, Airteagail 49, 51, 52 agus 52[1] den Dlí maidir le Sciúradh Airgid agus Sceimhlitheoireacht a Chomhrac, Airteagail 50[2] agus 50[3] den Dlí maidir leis an Údarás Maoirseachta Airgeadais agus Airteagail 201[1], 201[2] agus 237[49] den Dlí maidir leis an Margadh Urrús. Ina theannta sin, tá bealaí tuairiscithe inmheánacha curtha i bhfeidhm ag roinnt údarás poiblí.

85 Sna himthosca sin, ní mór a mheas nár suíodh go raibh iarmhairtí na mainneachtana oibleagáidí a leagtar síos sa chás seo a chomhlíonadh maidir le leasanna príobháideacha agus poiblí chomh diúltach céanna agus a bheadh i gcás mainneachtain Treoir 2019/1937 a thrasuí go hiomlán. A mhéid a mhaíonn an Coimisiún nár cheart an reachtaíocht náisiúnta a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar leibhéal na comhéifeachta tromchúise a chuirtear i bhfeidhm, ós rud é nár tugadh fógra dó ina leith, is leor a thabhairt faoi deara nach féidir tionchar a bheith ag mainneachtain fógra a thabhairt faoin reachtaíocht sin, inti féin, ar na hiarmhairtí a bhíonn ag an reachtaíocht sin iarbhír ar na leasanna sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 92).

86 Is amhlaidh fós gur admhaigh Poblacht na hEastóine féin, ina cosaint, go bhfuil na rialacha lena gcosnaítear daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais scaipthe i ndlíchóras na hEastóine agus nach bhfuil aon tagairt shainráite do chosaint na ndaoine sin iontu, contrártha do cheanglais Airteagal 26(3) de Threoir 2019/1937.

87 In éagmais rialacha sonracha agus soiléire maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais, amhail an chosaint sin dá bhforáiltear le Treoir 2019/1937, cuirtear cosc ar chosaint éifeachtach na ndaoine sin agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé amhras a chaitheamh ar chur i bhfeidhm aonfhoirmeach agus éifeachtach an dlí sin sna réimsí a chumhdaítear leis an Treoir sin (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 94).

88 Mar a tugadh faoi deara i mír 78 den bhreithiúnas seo, trí ardleibhéal cosanta a bhunú do dhaoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais i gcomhthéacs oibre, rannchuidítear le Treoir 2019/1937 le díobháil do leas an phobail a chosc, i réimsí atá thar a bheith íogair, amhail soláthar poiblí, sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, cosaint an chomhshaoil nó leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 95).

89 É sin ráite, mar a luaitear i mír 79 den bhreithiúnas seo, in éagmais cosaint éifeachtach, d'fhéadfadh daoine atá ar an eolas faoi shárú ar dhlí an Aontais sna réimsí sin iad a dhíspreagadh óna dtuairisciú, ós rud é, agus an méid sin á dhéanamh acu, gur dócha go ndéanfaidh siad iad féin a nochtadh do fhrithbheart (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 96).

90 Dá bhrí sin, ag féachaint don chuspóir a leagtar amach in Airteagal 1 de Threoir 2019/1937, arna léamh i gcomhar le haithris 1 di, tá an mhainneachtain na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá a ghlacadh chun an Treoir sin a thrasuí go hiomlán agus go beacht thar a bheith tromchúiseach (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 97).

91 Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin nach féidir a chur san áireamh agus méid na cnapshuime atá le forchur uirthi á chinneadh go bhfuil Poblacht na hEastóine faoi réir imeachtaí um shárú den chéad uair bunaithe ar Airteagal 260(3) CFAE. Go deimhin, níl aon bhaint ag iompar Ballstáit san am a chuaigh thart leis na hiarmhairtí a bheadh ann mura ndéanfaí an treoir atá i gceist a thrasuí maidir le leasanna príobháideacha agus poiblí.

92 Sa dara háit, i gcomhthéacs an mheasúnaithe ar fhad an tsáraithe, ní mór a mheabhrú, ar an gcéad dul síos, maidir le tús na tréimhse nach mór a chur san áireamh agus méid na cnapshuime á shocrú, nach é an dáta atá le cur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar fhad an tsáraithe atá i gceist dáta éaga na tréimhse a leagtar síos i dtuairim réasúnaithe an Choimisiúin, ach an dáta a rachaidh an tréimhse trasuímh a leagtar síos leis an treoir atá i gceist, eadhon an 17 Nollaig 2021, in éag (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 80 agus an cásdlí dá dtagraítear).

93 Ar an dara dul síos, maidir le híocaíocht phionósach a shocrú, ní mór fad an tsáraithe a mheasúnú ag féachaint don tráth a dhéanann an Chúirt measúnú ar na fíorais seachas don tráth a tharchuireann an Coimisiún an t-ábhar chuici (breithiúnas an 8 Iúil 2019, *an Coimisiún* v *an Bheilg (Airteagal 260(3) CFAE - Líonra Ardluais)*, C-543/17, EU:C:2019:573, mír 87).

94 Tá comhthuiscint ann, ar dhul in éag na tréimhse trasuímh a leagtar síos in Airteagal 26(1) de Threoir 2019/1937, eadhon an 17 Nollaig 2021, nár ghlac Poblacht na hEastóine forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir sin a thrasuí agus, dá bhrí sin, nár thug sí fógra don Choimisiún faoi na forálacha sin, contrártha le hAirteagal 26(3) den Treoir sin. Lean an sárú atá i gceist nár tháinig deireadh leis ar dháta scrúdaithe na Cúirte ar na fíorais, ar feadh 3 bliana.

95 Sa tríú háit, maidir le cumas íocaíochta Phoblacht na hEastóine, is léir ó chásdlí na Cúirte, gan dochar don fhéidearthacht atá ag an gCoimisiún pionóis airgeadais a mholadh bunaithe ar roinnt critéar, d'fhonn, *inter alia*, bearna réasúnta a choinneáil idir na Ballstáit éagsúla, nach mór OTI an Stáit sin a chur san áireamh mar phríomhthoisc chun measúnú a dhéanamh ar a chumas íocaíochta agus chun pionóis atá athchomhairleach agus comhréireach go leor a shocrú, d'fhonn cosc éifeachtach a chur ar sháruithe comhchosúla ar dhlí an Aontais amach anseo (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 81 agus an cásdlí dá dtagraítear).

96 I ndail leis sin, chinn an Chúirt go comhsheasmhach gur gá na treochtaí a bhí ann le déanaí in olltáirgeacht intíre (OTI) an Bhallstáit sin a chur san áireamh tráth an scrúdaithe a rinne an Chúirt ar na fíorais (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 82 agus an cásdlí dá dtagraítear).

97 Sa chás seo, sainmhínítear an fachtóir 'n', arb ionann é agus acmhainneacht íocaíochta an Bhallstáit lena mbaineann i ndáil le hacmhainneacht íocaíochta na mBallstát eile, arna cur i bhfeidhm ag an gCoimisiún i gcomhréir le míreanna 3.4 agus 4.2 de Theachtaireacht 2023, mar mheán geoiméadrach ualaithe OTI an Bhallstáit lena mbaineann i gcomparáid le meán-OTI na mBallstát lena mbaineann, arb ionann é agus dhá thrian de ríomh an fhachtóra 'n', agus de dhaonra an Bhallstáit lena mbaineann i gcomparáid le meán dhaonra na mBallstát, arb ionann é agus aon trian de ríomh an fhachtóra 'n', mar is léir ón gcothromóid dá dtagraítear i mír 9 den bhreithiúnas seo. Tugann an Coimisiún údar leis an modh sin chun an fachtóir 'n' a ríomh tríd an gcuspóir diall réasúnta fhachtóirí 'n' na mBallstát a choinneáil, i gcomparáid le ríomh atá bunaithe ar OTI na mBallstát amháin agus tríd an gcuspóir cobhsaíocht áirithe a áirithiú agus an fachtóir 'n'

á ríomh, ós rud é nach dócha go mbeidh éagsúlacht shuntasach sa daonra ar bhonn bliantúil (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Treoir maidir le Sceithirí)*, C-147/23, EU:C:2024:346, mír 83 agus an cásdlí dá dtagraítear).

98 Chinn an Chúirt, áfach, nach féidir a áireamh sa chinneadh maidir le cumas íocaíochta an Bhallstáit, sa mhodh chun an fachtóir 'n' a ríomh, critéar déimeagrafach a chur san áireamh i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe a leagtar síos i míreanna 3.4 agus 4.2 de Theachtaireacht 2023 (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Treoir maidir le Sceithirí)*, C-270/23, EU:C:2024:346, míreanna 84 go 86).

99 Dá bhrí sin, i gcomhréir leis an gcásdlí dá dtagraítear i mír 95 den bhreithiúnas seo agus in éagmais critéar ábhartha, arna chur ar aghaidh ag an gCoimisiún chun ríomh cobhsaí a áirithiú agus diall réasúnta ó fhachtóirí 'n' na mBallstát a choinneáil, is trí mheán-OTI Phoblacht na hEastóine le 3 bliana anuas a chur san áireamh nach mór méid na bpionós airgeadais a shocrú.

100 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo agus i bhfianaise na lánrogha a thugtar don Chúirt le hAirteagal 260(3) CFAE, lena bhforáiltear nach bhféadfaidh an Chúirt, maidir leis na pionóis airgeadais a fhorchuireann sí, méid a shocrú atá níos mó ná an méid a chuir an Coimisiún in iúl, ní mór a mheas, ar an gcéad dul síos, chun cosc éifeachtach a chur ar athdhéanamh sáruithe amach anseo atá cosúil leis an méid a d'eascair as sárú ar Airteagal 26(1) agus (3) de Threoir 2019/1937 agus a bhaineann an bonn d'éifeachtacht iomlán dhlí an Aontais, go gceanglaítear cnapshuim a fhorchur nach mór a méid a shocrú ag EUR 500 000 agus, ar an dara dul síos, i gcás ina leantar den mhainneachtain oibleagáidí a leagtar síos i mír 32 den bhreithiúnas sin a chomhlíonadh ar dháta tugtha an bhreithiúnais sin, a ordú do Phoblacht na hEastóine íocaíocht phionósach laethúil EUR 1 500 a íoc leis an gCoimisiún, ón dáta sin go dtí go gcuirfidh an Ballstát sin deireadh leis an mainneachtain sin.

Costais

101 De réir Airteagal 138(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte, ordófar don pháirtí nár éirigh leis na costais a íoc má rinneadh iarratas orthu i bpléadálacha an pháirtí ar éirigh leis. Ós rud é go bhfuil iarratas déanta ag an gCoimisiún go n-íocfaidh Poblacht na hEastóine as na costais agus nár éirigh léi sna saincheisteanna dlí arna maíomh, ní mór a ordú di, chomh maith lena costais féin, na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún a íoc.

Ar na forais sin, dearbhaíonn agus rialaíonn an Chúirt (an Séú Dlísheomra):

1. **Dearbhaítear, toisc nár ghlac sí, ar dhul in éag na tréimhse a fhorordaítear i dtuairim réasúnaithe an Choimisiúin an 15 Iúil 2022, na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais a chosaint a chomhlíonadh, agus, toisc nár thug sí fógra faoi na forálacha sin don Choimisiún, gur mhainnigh Poblacht na hEastóine a cuid oibleagáidí faoi Airteagal 26(1) agus (3) den Treoir sin a chomhlíonadh.**

2. **Dearbhaítear, toisc nár ghlac sí, ar dháta a scrúdaigh an Chúirt na fíoras, na bearta is gá chun forálacha Treorach 2019/1937 a thrasuí ina dlí náisiúnta, agus, toisc nár thug sí fógra faoi na bearta sin don Choimisiún Eorpach, gur mhainnigh Poblacht na hEastóine ina cuid oibleagáidí ar bhonn leanúnach.**

3. Ordaítear do Phoblacht na hEastóine na suimeanna seo a leanas a íoc leis an gCoimisiún Eorpach:

– cnapshuim de luach EUR 500 000;

– i gcás go leanfadh an mhainneachtain a leagtar amach i bpointe 1 den chuid oibríochtúil ar aghaidh go dtí dáta fógartha an bhreithiúnais sa chás seo, íocaíocht phionósach laethúil de luach EUR 1 500 ó dháta an bhreithiúnais sin go dtí go gcuirfidh an Ballstát sin deireadh leis an mainneachtain sin.

4. Ordaítear do Phoblacht na hEastóine a costais féin agus na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach a íoc.

[Sínithe]